

SUTB SHOILL

€2

SEAN-IASCAIRÍ NA nDÚNAIBH



Ar chlé: Seán Mac Laifeartaigh (John Shéarlaí Shéimí) Leargan Riach.
Ar dheis: Pádraig Ó Buaidhe (Paidí Phaidí Bhuidhe) Ceann an Leargaí.

Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.

Fón: 074 9154830 / Rphost: ceimaniar@eircom.net / Facebook: Céim Aniar Teo



IASCAIREACHT NA MBRADÁN.

Iascaireacht Bradán i gCuracha.

Bhí iascaireacht na mbradán thar a bheith tábhachtach do cheantar Ros Goill agus leoga do chósta Dhún na nGall ó cuireadh tús leis an iascaireacht seo na cianta ó shin, ach cad é chomh fada siar agus a théann iascaireacht na mbradán níl muid cinnte. Tá mé ag caint anseo faoi iascaireacht le sruthlíos (driftnets). Níl mórán eolais ná fianaise againn ar dearnadh mórán iascaireacht bradán sna curacha ach caithfear glacadh leis go raibh an iascaireacht seo ar siúl sna curacha fosta mar gur seo an chéad chineál bád a bhí ag na daoine thart ar an chósta. Is cinnte go raibh siad ag iascaireacht bradán san am a raibh na bádaí Zulu acu cé gur iascaireacht scadán a bhí ar siúl acusan. Luann Pat Conaghan ina leabhar ‘The Zulu fishermen’, ‘.....The Summer of 1906 was a stormy one and the salmon boats at Downings were often confined to port. On 29th June the boats put to sea but had to return because of the bad conditions’. Níl muid cinnte an raibh curacha nó skiffs i gceist nuair a luann sé ‘boats’. D’fhéadfadh sé go raibh an dá chineál bádaí ag iascaireacht na mbradán ag an am. Bhí scéal beag leis an chuntas seo fosta, áit a deachaigh fear amháin as Dumhaigh amach ina churach, go deachaigh sé trí mhíle i bhfarraige sular chuir sé a chuid eangach agus ba seo i dtrátha 1.30am, d’fhág sé iad ag iascaireacht ar feadh leathuaire agus nuair a thóg sé iad isteach arís bhí cur an-mhór bradán leis – 150 bradán ar fad. Caithfidh mé rá go mbeadh sé thar a bheith doiligh ag fear amháin an obair sin ar fad a dhéanamh i gcurach le linn gála gaoithe. Tá seo cosúil le scéal ar cuireadh craiceann maith air. Ach san am chéanna bheireann sé barúil dúinn go raibh iascaireacht na mbradán ag dul ar aghaidh i gcuracha siar go maith sa naoú céad déag.

Tábhacht na mBradán.

Ach cibé cad é chomh fada siar is a théann iascaireacht na mbradán sa cheantar seo nó i gceantar ar bith eile sa Chontae níl amhras

ar bith faoin tábhacht a bhain leo. Bhí, ar an mheán, ceathrar de chriú ar achan bhád agus d’fhág seo cuid mhór teaghlach ar tharraing an iascaireacht seo iad amach as poll na hainnise go minic. Ba iascaireacht oíche a bhí ann ó thús agus ba eangacha dorcha a bhí a n-úsáid. Bhí sé tábhachtach fosta go mbeadh bogadh measartha san fharraige sa dóigh is nach bhfeicfeadh na bradáin mogaill na n-eangach. Cha raibh maith ar bith in oíche chiúin mar nach raibh sé furasta dallamullóg a chur ar na bradáin! Mar sin de, i dtaca le hiascaireacht na mbradán de, cha raibh maith ar bith in oíche a bhí rógharbh ná róchiúin.

Is cuimhin liom ag dul ar ais go dtí na caogaidí agus na seascaidí agus muid ag éirí aníos, go mbeadh an cur bradán a bhíodh leis na bádaí i ndiaidh oíche iascaireachta ar bharr a dteangaigh ag daoine lá arna mhárach.

Ag Ullmhú.

Thosaíodh an t-ullmhúchán d’iascaireacht na mbradán go luath i mí na Bealtaine. Bhíodh cuid mhaith de na bádaí ar an chladach i Lag na hUillinne le linn an Gheimhridh. Anois bhí siad le glanadh, le scríobadh agus le péinteáil agus lena chois sin bhí an t-inneall le scrúdú lena chinntiú go raibh bail cheart air le haghaidh a thabhairt ar an fharraige mhór. Cuireadh tús leis an iascaireacht ag tús Mí Meithimh.

D’imíodh na hiascairí ‘na farraige i dtrátha leath i ndiaidh seacht tráthnóna, ceann i ndiaidh an cheann eile síos an bháighe. Bhí oícheanta a mbíodh na hiascairí ar an chéidhe agus nach mbeifí cinnte cé acu rachadh siad amach nó nach dtéadh de thairbhe comharthaí aimsire de nó tuar na haimsire, ba ghnách leo seasacht agus a dtóin le balla na céidhe. Dá mbogfadh fear amháin acu agus léimint isteach ina bhád agus a inneall a chur ar siúl bheadh rása leis an chuid eile acu ó bhalla na céidhe agus isteach ina gcuid bádaí leofa, char mhaith leo go mbeadh buntáiste ag duine ar bith orthu! Bhí amanna a dtéadh siad leathbealaigh agus thiontódh an aimsir iad ar ais.


Tuairim is míle nó mar sin amach ón chósta thuaidh idir Barr a’ Chorráin agus Ceann Fhánada a bhíodh bádaí Ros Goill agus Fhánada ag iascaireacht. Nuair a roghnódh an scipéir

An 'Pride of Dooley'

Seo bád mhuintir Hughie Den 'An Pride of Dooley' amuigh i mbáighe Dhumhcha. Bhí Hughie Den Mac Laifeartaigh é fhéin ag iascaireacht ar an bhád seo go dtí go bhfuair sé bás i 1955. Bhí a mhac Charlie Bán ina scipéir ar an bhád ina dhiaidh sin agus chaith Donchadh Hughie Den agus Neaty Hughie Den sealanna ar an bhád fosta chomh maith le fear a iníonach Marcas Beag Mac Laifeartaigh, Pádraig Ó Siadhail (Pádraig John Phaidí), as an Ard Bhán, Johnnie Ó Luadhóg, (Johnny Logue) as Dún Dumháin.



Donchadh Hughie Den agus a athair Hughie Den ag iascaireacht ar an "Pride of Dooley".



Neaty Mac Laifeartaigh

úir seo thuas i Ramhros, áit a raibh sé ag tógáil bádaí ag an am. Chaith Peadar Ó Sibhleáin, (Peter Stephen) agus Tony Ó Gallchóir (Tony Den Antoin) tréimhsí ar an St. Stephen fosta. Díoladh an 'St Stephen' go Cionn Caslach sa bhliain 1977.

Díoladh an 'Pride of Dooley' agus tógadh bád úir ag tús na seachtóidí, sin an 'St. Stephen'. Ba Neaty Mac Laifeartaigh a thóg an bád



Charlie Mac Laifeartaigh



Johnny Ó Luadhóg



Pádraig John Phaidí



Marcas Beag Mac Laifeartaigh



Peadar Ó Sibhleáin

cá raibh na heangacha le bheith curtha choinneofaí an bád ag bogadaí thart lena chinntiú nach raibh bád ar bith eile ró-chóngarach, ansin chuirtí na heangacha le titim na hoíche. Bhíodh na hiascairí ag coinneáil súil ghéar ar a chéile amuigh ar an fharraige mhór, caithfidh mé rá nach raibh mórán iontaoibhe ná muinín acu as a chéile! Is cinnte go raibh sé tábhachtach nach mbeadh a gcuid eangach curtha ag bád ar bith ró-chóngarach ar an taobh thoir de bhád ar bith eile. Ach tharla sé minic go leor. Théadh neart rógaireachta agus cleasaíochta ar aghaidh faoi choim na hoíche. B'fhéidir gur díoltas a bhí ann in amanna! B'iomaí achrann, racán, íde béil agus croitheadh dornaí a bhíodh ann nuair a bhrisfeadh spéarthaí 'n lae agus go bhfeicfeadh criú go raibh bád éigin eile sínte leo ar an taobh thoir. Bheadh an súiche sa bhrachán. Ba ón taobh seo a bhíodh na bradáin a' bualadh agus dá mbeadh eangacha curtha ró-chóngarach duit ar an taobh sin bheifeá ag tarraingt isteach eangacha fliucha folmha. Cha raibh a dhath a d'fhágadh oiread lagmhisnigh agus feirge sna hiascairí ná a bheith ag tarraingt isteach eangacha folmha siocair bád inteacht a bheith sínte leo.

Na hÉanacha Farráige.

Thógtaí na heangacha le teacht a' lae agus bhíodh na bádaí istigh fán chéidhe go luath ar maidin. Cha raibh mórán deacrachtaí le bheith ag cur nó ag tarraingt isteach eangacha, bhíodh siad furasta go leor a thógáil isteach dá mbeadh neart bradán iontu! Bhí rud amháin a d'fhágadh tógáil na n-eangach deacair agus míshásta agus ba sin nuair a bhíodh siad lán d'éanacha mara. Ba mhinic a bhíodh an scéal mar seo dá mbeadh na heangacha curtha ró-chóngarach do Chorrán Binne, bhí na Puffins agus na Forachain (guillemots) fairsing fán Chorrán agus nuair a bhíodh siad i bhfostú sna heangacha bhí sé damanta doiligh iad a tharraing amach astu. Bhí gob fada géar ar na forachain agus is iomaí iascaire ar fágadh cúl a lámhe clúdaithe i liomóga fuilteacha. Bhí amanna ann agus dá mbeadh barraíocht éanacha sna heangacha tharraingeofaí na heangacha isteach sa bhád ina charnán agus bhéarfaí iad isteach na céidhe áit a dtabharfaí

iad amach agus thosófaí ar an obair leis na héanacha a ghlanadh astu.

Amuigh ag na Bradáin.

Bhí sé coitianta go leor fosta ag daoine nár iascairí iad, a dhul amach fá choinne an oíche ag na bradáin, go díreach le blaiseadh a fháil den méid a chuaigh ar aghaidh. Dar ndóighe tharla sé minic go leor fosta go mbíodh na daoine seo tinn agus is cinnte go bhfuil tinneas farraige thar a bheith dian. Bhíodh rudaí réasúnta go leor go dtí go rachfaí síos ar íochtar faoin deic, le greim a fháil le hithe, i ndiaidh do na heangacha a bheith curtha. Chan rud róchiallmhar a bheadh ann píosa de thoirtín a bheadh clúdaithe le him a sháthadh faoi smig dhuine inteacht a bhí amuigh fá choinne an oíche. Rinneadh seo go minic le tréan diabhláochta. Cha deachaigh luascadh an bháid, boladh an deiseal agus an goile go rómhaith le chéile. Dheamhan i bhfad go mbeadh an goile ag tiontú leis an té a bhíodh amuigh ar thuras agus tóin a ghoile a chur amach aige thar an ghunail, ba seo ócáidí a thóg croí na bhfaoileog!!

Cha raibh mórán bádaí fán cheantar seo ag iascaireacht bradán ag deireadh na gcaogaidí agus tús na seascaidí. Tháinig forbairt agus borradh faoi ina dhiaidh sin. Bhí bád Jimí Antoin, Noní, Hughie Den, bád Hughie Óg, Chéarlaí John Nochaí, Willie Cullen agus muintir Shéarlaí as an Raplach. Ba scéal mór nuachta a bhí ann ag Fear a' Phoist lá arna mhárach ag inseacht do dhaoine faoin chur bradán a bhíodh le achan bhád.

Na Contúirtí.

'Sé an rud is mó a chuirfeadh iontas ar dhaoine sa lá atá inniu ann ná an dearcadh a bhí ag iascairí na linne sin agus leoga na glúnta a chuaigh rompu ar chúrsaí sábháilteachta. Cha raibh leofa ach crann seoil agus an seol fhéin, rámhaí agus b'fhéidir compás. Cha raibh raidiúnna, cótaí tarrthála, ná fiú soilse in airde acu le tabhairt le fios do bhádaí móra go raibh siad ansin ag iascaireacht. An rud é gur fhág siad a mbeatha i lámha Dé agus gur chreid siad go mbeadh a cuid fhéin ag an fharraige? B'fhéidir é. Ach sin agus eile cha raibh ach an

Bád Nonní

Ceann de na bádaí eile a bhí ag iascaireacht sna caogadaí ná bád Nonní Mac Giolla Bhríde, ba as an Chorrach do Nonní. Chaith James Mhicí Ginn as na Dúnaibh Íochtarach páirt mhaith dá shaol ag iascaireacht leis i gcuideachta Willie Diver as Toraigh agus



Nonní & James Mhicí Ginn

Albert Moore. Bhí deartháir leis, Micí Jimmí, ar an bhád ar feadh tréimhse fosta.




Noní ag déanamh a chomhrá

James Mhicí Ginn



Micí Jimmí



tubaiste amháin sa taobh seo tíre sa tréimhse a bhfuil muid ag caint faoi agus ba sin bád leis na Brown's as Inse (Inch Is.) i nGleann Súilí a cailleadh i Meitheamh na bliana 1957 agus ceathrar ar bord. Ach sula luann muid an tubaiste seo bhí sé tríocha bliain roimhe sin ó bhí tubaiste eile dá leithéid sna farraigí timpeall an dá leithinis seo agus ba sin skiff as Fánaid a cailleadh sa bhliain 1927.

Iascairí Fhánada.

Cha dtáinig an fhorbairt chéanna ar an iascaireacht i bhFánaid ag tús an chéid dheireanaigh fé mar a tharla sna Dúnaibh ach bhí traidisiún iascaireachta ansin i gcónaí. Bhí Baile Fhuaruisce agus an réigiún timpeall air mar phríomhcheantar iascaireachta. Bhí iascaireacht na mbradán ag dul ar aghaidh ó thús an chéid. Meastar gur i gcuracha a rinneadh an iascaireacht seo i dtús báire ach ansin tháinig na skiffs. Ba comhlacht i mBun a' Phobail (Moville), 'Dill and Beattie' a thóg na skiffs. Bádaí foscailte seoil a bhí thart fá seacht nó ocht dtroigh is fiche a bhí iontu. Bhí luach an skiff lena chrann seoil agus ráhmaí le ceannacht in 1925 ar chostas ó £16 go £20. Ba an 'Irish Fishery Company' a bhí lonnaithe ag Stáisiún na Maoil Ruaidhe ar thaobh Ros Goill de Bhá na Maoil Ruaidhe a cheannaigh na bradáin ag an am seo. Bhí luach na mbradán ag an am ó 6d go 10d an punt. Tháinig méadú ar líon na skiffs i bhFánaid i ndiaidh an Chéad Chogadh Domhanda agus ag tús na bhfichidí bhí an bhád déag nó dhá bhád déag ag iascaireacht amach as leithinis Fhánada. Fán am seo ba teaghlaigh i leithinis Ros Goill a bhí ag ceannacht na mbradán, Ó Griffin i gCarraig Airt agus Mac Eiteagáin agus Mac Giolla Bhríde sna Dúnaibh. Bhí raon na bpraghasanna fán am seo ó 8d go 12d an punt agus bhí na ceannaitheoirí ag cur na mbradán díreach chuig Margadh Billingsgate i Londain. Dé ghnáth b'iad ceannaitheoirí na mbradán a chur na heangacha ar fáil, rud a chiallaigh go raibh séar nó séar go leith acusan as cur an tséasúir. Bhí cabhlach iascaireachta Fhánada ag méadú go dtí an bhliain 1927.

Tubaiste Farraige 1927.

Chuaigh cabhlach Fhánada agus Ros Goill 'na farraige mar ba ghnách tráthnóna an 20ú

Meitheamh 1927. Bhí oíche mhaith bhradáin ann agus iad ar a mbealach amach agus d'fhan sé mar sin go dtí go raibh a gcuid eangach tógtha acu agus an lá ag briseadh. Ansin gan choinne agus gan mhothú d'athraigh an mhaidin, tháinig stoirm agus báisteach mhillteanach. Beireadh goirid orthu uilig agus thug na skiffs aghaidh ar a cuid port chomh tiubh géar agus thiocfadh leo. D'éirigh le cuid acu ceann scríbe a bhaint amach; bhí drifters na hAlban ag iascaireacht ag an am amach as Bun Cranncha fosta agus d'éirigh leosan cuidiú leis na skiffs a theacht i dtír ag poirt éagsúla. Is furasta a thuiscint go mbeadh na daoine muinteartha go mór i bpianpháis ar feadh na maidine ag fanacht le scéala faoi na bádaí. Bhí sé isteach go maith sa lá sula bhfuair gaoil na n-iascairí amach cé acu bhí siad sábháilte nó nach raibh de thairbhe go dtáinig siad i dtír thall is abhus ó Chionn Mhálanna go Corrán Binne agus cha raibh cúrsaí cumarsáide mar atá sé inniu, dar ndóighe. Ach mar a tharlaíonn go minic ina leithéid de tubaiste bhí skiff amháin ar iarraidh, ba seo skiff de chuid Fhánada le Frank Ó hEarcáin (51) agus a chriú óg, Séamus Mac Suibhne (23), Hughie Ó Siadhail (23) agus Pádraig Fealty (23). Níodh an bád isteach i nDún Damh (Dunaff) maidin Dé Máirt ach cha raibh iomrá ar bith ar na coirp. Ach an lá ina dhiaidh sin tógadh croí an phobail nuair a spréigh an ráfla gur tógadh an chriú amach as an skiff isteach i long mhór maidin na stoirme agus gur cuireadh i dtír iad i Milford Haven sa Bhreatain Bheag. Char mhair an deascéala seo i bhfad agus thit néal dorcha ar an cheantar nuair a tháinig an scéala gur níodh corp Shéamus Mhic Suibhne isteach ar thráigh Bhaile Lífín. Ba seo néal dorcha a shuí ar cheantar Fhánada go ceann fada go leor. Chan fhuarthas coirp na bhfear eile ariamh.

Tháinig meath ar iascaireacht na mbradán i gceantar Fhánada sna blianta i ndiaidh na tubaiste. Tháinig deireadh ar fad leis i 1939/40. Ba seo mar bhí sé go dtí an bhliain 1958 nuair a cheannaigh Din Ó Frighil as Rinn Bhuí an 'St. Catherine'. Cuireadh tús le iascaireacht na mbradán i bhFánaid arís.

Tubaiste Farraige 1957.

Ba as an Inis (Inch Is.) i Loch Súilighe teaghlach na Brown's, teaghlach a raibh ceangal mór acu

An 'Oliver Plunkett'



*TRÍ GHLÚIN DE MHUINTIR MHC EITEAGÁIN
Jimmí, Anton & Donnchadh*



Paidí Den Shéamais



Conchúr Ó Dubhaigh

Ba seo an bád a bhí ag Jimmí Antoin Mac Eiteagáin. Bhí sí sé troithe déag agus fiche agus tógadh í i mbádchlós Mhíobhaigh i lár na seascaidí. Bhí an 'Pride of Greencastle' aige roimhe sin. Bhí Jimmí ina scipéir ar an bhád seo agus i ndiaidh do Jimmí éirí as an iascaireacht ghlac Pádraig Ó Luodhóg (Paidí Den Shéamais) seilbh ar an stiúir agus ba é a bhí ar an stiúir go dtí gur díoladh an bád sna seachtóidí. Bhí scaifte d'iascairí a rinne sealanna ar bhád Jimmí Antoin: Johnny Logue (Johnny Shéamais), Ned Carr (Ned John Nochaí), Baile Úr, Conchúr Duffy agus Barney Duffy, Baile 'n tSléibhe, Seán Ó Conchúir (Johnny Connor), Ros na Binne, Johnny Bhrógáin, an Meall Mór, Micí Dochartaigh, Baile na Deora agus Dinis Ó Gallchóir (Dinis Mhicí), an Ghlíob.



Johnny Connor



Barney Ó Dubhaigh



Nead Carr

leis an fharraige ag dul siar na nglúnta. Bhí ré na skiffs thart anois agus is bádaí le leath-deic a bhí in úsáid, bádaí a raibh inneall iontu agus trian den bhád druidte isteach ag deic.

Tráthnóna Dé hAoine an 21ú Meitheamh 1957 d'fhág an 'Playmate' bád na Brown's an Inis agus sheol siad amach Loch Súilighe ar a mbealach amach a' iascaireacht bradán. Bhí beirt de na Brown's ar bord, James (44) agus Bertie (Gilbert) (36) agus beirt fhear eile, Thomas Porter (57) as an Inis fosta agus stócach óg seacht mbliana déag, nach raibh ach ag dul amach don dara turas, Eugene Mac Fhionnlaoich as Mainéar Uí Chuinneagáin. Ba Pat Coll as Íochtar Fhánada an duine deireanach a chonaic an chriú ina mbeatha. Bhí sé ag iascaireacht ar na carraigeacha cóngarach do Theach Solais Fhánada nuair a sheol an 'Playmate' thart leis i dtrátha a deich a chlog. Nuair nár phill an bád ar an Inis maidin lá arna mhárach thosaigh teaghlaigh a' éirí imníoch. Rinneadh teagmháil le poirt iascaireachta eile go bhfeicfí an dtáinig siad i dtír áit ar bith eile. Ach ar an drochuair cha raibh i bhfad acu le fanacht ar fhreagraí. Tháinig Pat Coll, an duine deireanach a chonaic iad ina mbeatha, ar an bhád i dtrátha a naoi a chlog agus í ina smionagar ar na carraigeacha

in aice le Cionn Fhánada. Thángthas ar na coirp na laetha ina dhiaidh sin de réir a chéile, ach chan fhuarthas corp Bertie Brown ariamh. Macasamhail tubaiste na bliana 1927 fágadh na pobail iascaireachta ar an chósta faoi scáil. Ba stoirm uafásach ba chúis le tubaiste na bliana 1927 ach cha raibh míniú ar bith cad é a d'éirigh den 'Playmate' na cad é ba chúis díthe a bheith fágtha ina phíosaí ar Chionn Fhánada. Fuarthas na heangacha in aice leis an bhád agus bhí 57 bradán iontu.


Imní i Ros Goill.

Ceann de na bádaí a bhí ag iascaireacht bradán amach as Ros Goill le linn na seascaidí ab ea an 'Pride of Mulroy' le Willie Cullen (Willie James). Ar an chriú a bhí leis bhí Hughie Bhrógáin, an Meall Mór, Nead Carr (John Nochaí) an Baile Úr agus Antoin Mac Giolla Bhríde (Anton Shuss), Gort na Luchóg. D'fhág siad Dún Dubháin ar an Mhaol Ruaidh tráthnóna Dé Máirt an 22ú Meitheamh 1965 ar a mbealach 'na farraige d'óiche iascaireachta. Thosaigh sé a shéideadh le linn na hoíche agus mar bharr ar an donas thosaigh an t-inneall a thabhairt buairimh agus ba é an deireadh a bhí ar an scéal ná gur theip glan ar an inneall. Bhí siad san fhaopach i

➔ 9



The crew of the "Pride of Mulroy" have welcome refreshment in the Malin Hotel after their Atlantic ordeal. From left — Hugh Brogan, Edward Carr, Anthony McBride and Willie Cullen.



*James Ó Dochartaigh
a bhí ag iascaireacht ar
an "Pride of Mulroy"*

gceart anois. Nuair nach raibh inneall an bháid ag obair bhí an bád ar shiúil gan dóigh. Bhí imní mhór fán cheantar lá arna mhárach nuair a chuaigh an scéala amach go raibh an 'Pride of Mulroy' ar iarraidh.

Thosaigh an cuardach ar an Chéadaoin - bád tarrthála Árainn Mhór, eitleán amach as Doire chomh maith le hingearán (helicopter) agus bádaí iascaireachta. Mhair an cuardach i rith an lae ach cha raibh iomrá ar bith ar an 'Pride of Mulroy' go dtí go raibh sé istigh go maith sa tráthnóna. Ba ansin a tháinig bád iascaireachta as Inis Eoghain orthu ar an taobh eile de Chionn Mhálanna agus tugadh an 'Pride of Mulroy' isteach ar théad go Port an Lín (Portaleen). Bhí spiorad maith sna fir agus gan iad a dhath ní ba mheasa de bharr na heachtra

cé go raibh contúirt mhór curtha tharstu acu. Ba mhór an faoiseamh a bhí fá Ros Goill nuair a tugadh scéala go raibh na fir slán sábháilte. Tá triúr den chriú ar shlí na fírinne anois le fada ach tá Antoin Shuss beo beathach agus ar a sheanléim i gcónaí i nGort na Luchóg.



Anton Shuss

Iascaireacht na mBradán ag Fás.

Isteach sna seachtóidí tosaíodh ar úsáid a bhaint as eangacha de chineál eile, ba seo na heangacha monofilament. Bhí sé de bhuntáiste ag na heangacha seo, mar gheall ar an dath agus an déanamh a bhí orthu, nach raibh na bradáin ábalta iad a fheiceáil san fharraige san oíche nó sa lá. Chomh maith le sin nuair a rachadh na bradáin i bhfostú iontu cha raibh éalú ar bith astu. Chiallaigh seo go rabhthas ag iascaireacht bradán anois lá agus oíche. De

➔ 11

Bádaí ag an chéidh mall sna seachtóidí



Pride of Tirconail.


Ba seo an bád a bhí ag muintir Shéarlaí Shéimí (Mhic Laifeartaigh). Bhí John ag iascaireacht uirthi sna caogaidí agus ag tús na seascaidí agus ar an chriú a bhí leis bhí a mhac Neil (Neil Bhidí Ruaidh), Paidí Mac Giolla Bhríde (Paidí Dhonchaidh Mhícheáil) agus Paidí Dhomhnail Mac Giolla Bhríde as an Ard Bhán. Níl cuimhne agam go raibh sí ag iascaireacht ag tús na seachtóidí. B'fhéidir gur díoladh í.



*Paidí Dhonnchaidh
Mhícheáil*



Paidí Dhomhnail




*Neil Mac Laifeartaigh
(Neil Bhidí Ruaidh)*

St Columba.


Tógadh an 'St. Columba' i mbádchlós Mhíobhaigh i lár na seascaidí, na blianta céanna leis an 'Oliver Plunkett'. Bhí sí trí troithe déag agus fiche ar fhad agus rinne sí cuid mhór iascaireachta ar an chósta seo mar gur chaith sí saol fada ag iascaireacht portán fosta. I gcuideachta Chéarlaí John Nochaí ar an St. Columba bhí na fir seo ar feadh tréimhsí áirithe: James a' Bhrógáin, Ros na Binne, Paidí Mac Giolla Bhríde (Fenny), Ceann na Leargaí, Wille Duffy agus Conchúr Duffy, Baile 'n tSléibhe agus Micí Mac Pháidín (Micky John Enda) as Dumhaigh.



An "St. Columba"



James a' Bhrógáin



Paidí Fenny

thairbhe seo bhíothas ag marú i bhfad níos mó bradán anois ná mar maraíodh sna blianta roimhe sin agus cha raibh na hiascairí uilig ag cloí leis na rialacha ach an oiread maidir le fad na n-eangach de. Mar sin de cuireadh pleananna an Rialtais maidir le caomhnú (conservation) na mbradán as a riocht ar fad agus thosaigh an Rialtas de réir a chéile ag teannadh isteach. Cuireadh brú mór ar iascairí maidir leis na rialacha de go dtí sa deireadh nárbh fhiú do iascairí a dhul sa tóir ar na bradáin ar chor ar bith. Ba é an deireadh a bhí le hiascaireacht na mbradán ná gur cuireadh cosc iomlán léi. Cé go ndéarfadh daoine gur úsáid Rialtas na linne sin barraíocht den lámh láidir is cinnte gur chuir na hiascairí iad fhéin lámh i mbás na hiascaireachta seo sa mhéid is go ndearna siad neamhaird do chaomhnú na mbradán. D'imir saint na n-iascairí fhéin páirt mhór, dar ndóighe. Buille mór a bhí ann do chúrsaí eacnamaíochta sa taobh seo tíre.

Borradh agus Fás.

Nuair a bhí iascaireacht na mbradán i mbarr a

réime bhí suas le trí chéad bád ag iascaireacht bradán ó Fhánaid go Port Nua. Tá muid ag caint anseo ar bhádaí a bhí ó ocht dtroigh déag ar fhad go trí fichead troigh nó níos mó. Bhí bradáin a dtabhairt i dtír i bFánaid, sna Dúnaibh, i nDún Fionnachaidh, i Machaire Rabhartaigh, ar an Bhunbheag, in Árann Mhór, i gCionn Caslach, in Ailt a' Chorráin, i bPort Nua agus as sin comh fada isteach leis na Cealla Beaga agus níl muid ag cur leithinis Inis Eoghain san áireamh anseo ar chor ar bith. Má bhí ar an mheán 4 iascaire ar achan bhád tá muid ag caint ar 1,200 iascaire a bhíodh ag iascaireacht i Meitheamh agus Iúl gan trácht ar an líon daoine a bhí a dhíth ar tír mór leis an iasc seo a láimhseáil.

Buntáistí d'Eacnamaíocht Iarthar Dhún na nGall.

Ba mhór an bhuntáiste a bhí san iascaireacht seo d'eacnamaíocht bhailte cósta na Contae seo. Ba Chomharchumann Ailt a' Chorráin a cheannaigh agus a láimhseáil formhór na

➔ 13

Monarcha Campbell, Ailt an Chorráin c1967



Ó chlé, chun tosaigh tá Joe Bonner, Dinny Doney Owen (O'Donnell), Charlie McBride, Robert Sweeney, Pat the Cope, Paddy Sweeney agus Paddy Joe Forker. I lár tá Liam Reilly, James "Big Ward" the Post, Dom Sheila O'Donnell. Ar chúl: Ray Hamm, Charlie Sweeney, Big Jim O'Donnell (mac Dinny Doney Owen), Terry Boyle, John Mickie Nancy Bonner, Hughdie Hunt (National Photographic Archive, Tynan Collection).

Ros na Cille.

Tógadh an bád seo an ‘Ros na Cille’ a bhí 50tr ar fhad do Chéarlaí Mac Giolla Chearra (Chéarlaí John Nochaí) i mbádchlós Mhíobhaigh sa bhliain 1956. Trálaer breá a bhí inti a rinne cuid mhór iascaireachta thart fán chósta. Bhí Micí Ghráinne (Mac Giolla Bhríde), Micí Mac Lochlainn (Micí Bhrianaí) agus James a’ Bhrógáin ag iascaireacht uirthi ag amanna éagsúla. I ndiaidh do Chéarlaí an bád seo a dhíol bhí sé mar scipéir ag Hughie Óg Mac Giolla Bhríde ar an St. Columba.



Ros na Cille



Chearlaí John Nochaí



Micí Bhrianaí Mac Lochlainn



Ros na Cille ag Céidh na nDúnaibh

mbradán ó Fhánaid go Port Nua agus maidir leis na figiúirí a cuireadh ar fáil caithfear a shoiléiriú i dtús báire gur meastachán atá anseo ach go bhfuil siad, san am chéanna, breá cóngarach don fhíorfhiúir.

Bhí suas le 5,000 brádán ar an mheán ag dul fríd an Chomharchumann achan lá le linn na sé nó seacht seachtaine ar mhair an iascaireacht seo. Bhí laetha ann nach deachaigh an méid seo fríd agus bhí laetha eile ann ar láimhseáil an Comharchumann 18,000 brádán. Cheannaíodh an Comharchumann suas le £3 mhilliún de bhrádán ó na bádaí achan bhliain.

Lena chois sin bhí na comhlachtaí a bhí ag plé le cúrsaí iascaireachta iontach gnoitheach fán am seo fosta, na comhlachtaí a sholáthar eangachaí, leithéidí Swan Net, Gundry agus na Cavanaghs as an Chaisleán Nua. Bhíodh suas le leathchéad fear sa bhreis ag obair acusan ar feadh roinnt míosa. Bhí comhlachtaí innealtóireachta iontach gnoitheach fosta agus tuairim is deichniúr fear sa bhreis fostaithe acusan agus ceithre thiománaí sa bhreis fostaithe ag na comhlachtaí breosla/ola le linn na tréimhse seo.

Comharchumann Ailt a'Chorráin:

Bhíodh ar an Chomharchumann dhá chloigeann déag agus fiche sa bhreis a fhostú sa Chomharchumann d'iascaireacht na mbradán. Caithfear



Monarcha Campbell, Ailt an Chorráin c1967
(National Photographic Archive, Tynan Collection).

cuimhneamh gurb éigean dóibh na bradáin uilig a mheá ina n-aonar. Chomh maith le sin bhíodh triúr nó ceathrar fostaithe go lánaimseartha ar feadh na bliana ag obair ar bhradán amháin, agus lena chois sin bhíodh triúr nó ceathrar ag obair go páirtaimseartha ar feadh na bliana ag deatú bradán.

Idir achan rud b'fhiú £5 mhilliún iascaireacht na mbradán d'eacnamaíocht chósta thiar Dhún na nGall. Agus ó thaobh easpórtála de b'fhiú cúig mhilliún déag punt na bradáin seo a chuaigh fríd Comharchumann Ailt a'Chorráin. Bhí Ailt a' Chorráin ar phríomhphort iascaireacht bradán san Eoraip.

Bádchlós Mhíobhaigh sna Seascaidí

Rinne Carlton Buchanan bádchlós Mhíobhaigh a athoscailt arís sa bhliain 1964, dhá bhliain i ndiaidh do BIM é a dhruid. D'fhostaigh sé Neaty Mac Laifeartaigh, Anton Mac Giolla Bhríde (Táilliúir) agus Pádraig Ó hOireachtaigh (Paidí Mhánaís) le cuidiú leis an bádchlós a chur ar a bhonnaí arís.

Ansin, luath sa bhliain 1965 d'fhostaigh sé mar phrintísigh, Seán Ó Conchúir (Ros na Binne), Nead Mac Giolla Chomhaill (Raplach) agus Seán Mac Giolla Bhríde (Mhicí Rua, An Ghliób). Fuair siad £2-10-0 fá choinne cúig lá go leith sa tseachtain.

Ba do Thadhg Mac Fhionnlaoidh as Gabhla a tógadh an chéad bhád, bád bradáin a bhí sé troithe déag agus fiche. Sna blianta a lean, tógadh bád bradáin sé troithe déag agus fiche, an Oliver Plunkett do Jimmy Mac Eiteagáin (Jimmy Antoin), bád bradáin trí throithe déag agus fiche do Din Friel as Fánaid, bád bradáin an fhad chéanna, an St. Columba, do Hughie Mac Giolla Bhríde (Hughie Óg) agus tógadh bád trí throithe déag agus fiche d'fhear as Oileán Uaighe chomh maith. Lena chois sin, tógadh cúpla bád gliomach sé troithe is fiche d'iascairí as Co. Mhaigh Eo.

Bliain a chaith Nead Mac Giolla Chomhaill sa bhádchlós, ansin tháinig Bernie Mac Lochlainn agus Hughie Mac Fhionnlaoidh as an Ghleann isteach. Chaith Chéarlaí Laighneach agus Seán Mac Giolla Chomhaill as Machaire Mac Gorgáin tréimhse ansin fosta.

Rinneadh obair chóirithe ar chuid de na bádaí

Foireann Bhádchlós Mhíobhaigh sna caogaidí



Ó chlé, ar chúl tá Neaty Mac Laifeartaigh (Hughie Den), James Mac Giolla Bhríde (James Ann), Georgie Doherty, Jimmy Ó Siadhail (J. Phaidí) agus A. Stewart. Chun tosaigh tá Liam Ó Ceallaigh, Chéarlaí Mac Laifeartaigh (Bidí Rua), Anton Mac Giolla Bhríde (an Táilliúr), Joe Ó Cuinn, Mícheál Mac Fhionnlaoch, agus Chéarlaí Mac Giolla Bhríde (Dhónal Beag).


móra ansin fosta. Bhí trálaer Phil Bán as Ailt a' Chorráin ar an slip acu, áit a ndearnadh athfheistiú agus athchóiriú uirthi.

Ghlac John Carr agus a mhac Frank seilbh ar an bhádchlós sa bhliain 1971 agus rinne siad forbairt agus athchóiriú mór ar an bhádchlós. Ba anseo a tógadh an bád adhmaid ba mhó a tógadh sa tír seo ag an am, an Iúd Naofa. Druideadh bádchlós Mhíobhaigh sa bhliain 1980.



An "Iúd Naofa"

Star of Mulroy.



Ba ag Aindí Ó Gallchóir (Aindí Shéarlaí) a bhí an 'Star of Mulroy'. Tógadh an bád seo dó thíos i Rinn Uí Choigligh sa bhliain 1970, bhí sí 30tr ar fhad. Bád beag ceithre troigh is fiche a bhí aige roimhe sin agus dhíol sé í le Hughie Óg. Bhaist Hughie Óg an 'Rosapenna' uirthi agus bhí sí ag iascaireacht bradán amach as céidhe na nDúnaibh go ceann fada go leor. Nuair a bhí an bád úr réidh dona céad turas thug Hughie Óg an chriú anonn go Rinn Uí Choigligh: Aindí Shéarlaí agus Nead Shéarlaí, Paidí Mac Giolla


Star of Mulroy



Bhríde, (Paidí Ghráinne) agus Paidí Coyle as an Raplach. Nuair a bhí na taoídí ceart chuir siad ceann ar a dturas, amach Loch Feabhail, thart le Cionn Mhálanna agus Cionn Fhánada agus isteach an Mhaoil Ruaidh áit a mbeadh sí ar feadh na chéad deich mbliana eile. Aindi a bhí mar scipéar ar an bhád agus chomh maith leis an chriú a bhí leis 'na bhaile bhí iascairí eile a rinne tréimhsí iascaireachta leis fosta le linn na mblianta sin: a dheartháir Micí, James Ó Gallchóir (James Mhicí Bán), Cluain tSalach, Conchúr Duffy, Baile 'n tSléibhe, Micheál Mac Giolla Bhríde (Micí Phaidí Éamoinn), Gort na



Aindí Ó Gallachóir (Aindí Shéarlaí)



*Paidí Mac Giolla
Bhríde
(Paidí Ghráinne)*




Paddy Coyle

Luchóg, John Ó Siadhail, (John Nóra), Dún Dubháin, Charlie Mac Giolla Bhríde, (Charlie Phaidí Mhadgie), Donchadh Ó Gallchóir, (Dinis Mhicí) agus Fred Ó Sibhleáin (Fardy) as an Ghlíob. Bradáin agus Gliomaigh ba mhó a chuaigh siad a iascaireacht.

Sa bhliain 1980, i ndiaidh dó tríocha bliain a chaitheamh ag coimhlint leis an fharraige agus fosta de thairbhe go raibh sé i ndrochshláinte shocraigh Aindí Shéarlaí an bád a dhíol agus slán a fhágáil ag an fharraige, an áit ar thug sé a bheatha i dtír agus an áit ina raibh a chroí. Dhíol sé a bhád le Edward Ivers as Iorras, Cluain Máine.



*Nead Ó Gallchóir
(Ned Shéarlaí)*



*Seán Ó Siail
(John Nóra)*

An “Girl Afric”



Peter Ó Sibhleáin




John Lynagh



Micí Ó Sibhleáin

An ‘Star of Meevagh’

Ba seo an bád a thóg Neaty Mac Laifeartaigh do Dinis Ó Gallchóir (Dinis Mhicí) thuas i Ramhros i 1971. Thosaigh an iascaireacht ag meath timpeall an ama seo de thairbhe go raibh an oiread sin bádaí ag iascaireacht bradán i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Díoladh cuid mhaith de na bádaí seo timpeall ar dheireadh na seachtóidí.



Dinis Ó Gallachóir

Deireadh Ré.

Ceann de na gearáin mhóra a bhí ann sna blianta deireanacha d'iascaireacht na mbradán ná go raibh an cineál seo iascaireachta ag fágáil a laghad sin bradán sna haibhneacha. Chan inniu nó inné a cuireadh cosc ar iascaireacht na mbradán ach an bhfuil méadú mór tagtha ar líon na mbradán sna haibhneacha? Cha shílim go bhfuil athrú ar bith. Táthar ag cur an locht anois ar na róna (seals) as siocair líon na mbradán sna haibhneacha a bheith chomh híseal sin, ach nach raibh na róna i gcónaí

ansin? Ghlacfadh na saineolaithe (experts) amharc arís!

Bhuel cibé aige a bhí an ceart nó cibé air a bhí an locht d'éirigh leis an chosc seo a cuireadh ar iascaireacht na mbradán na milliún euro a bhaint amach as an saol eacnamaíochta sa taobh seo tíre agus tá bunús na gcéidheanna ar chósta Iarthar Thír Chonaill sa lá atá inniu ann fágtha fuar folamh agus gan a dhath le cloisteáil orthu ach screadach uaigneach ocrach na bhfaoileog.

FOSTÚ



Nellie & Jimmy Bradley lá a bpósta

Scairt mé isteach chuig Mary Ann agus Bridget Bradley cúpla bliain ó shin sna Dúnaibh agus cé a bhí istigh acu ach a dtuismitheoirí Jimmy agus Nellie, go ndéana Dia a mhaith ar an bheirt acu. Sular pósadh iad, bhí Jimmy ag obair san Afraic Theas agus i Meiriceá Láir agus bhí Nellie ag obair i Londain. Cé go raibh na mílte eatarthu, choinnigh siad i dteagmháil lena chéile le litreacha agus cártaí poist agus chríochnaigh an bheirt acu suas sna Stáit Aontaithe agus pósadh iad in New Jersey. Saor brící a bhí in Jimmy i rith a shaoil. I 1977, i ndiaidh dóibh tríocha bliain nó mar

sin a chaitheamh i Meiriceá agus teaghlach a thógáil ann, thug siad aghaidh ar na Dúnaibh arís agus cheannaigh siad teach leaba agus bricfeasta i lár an bhaile agus chuaigh Nellie i gcionn oibre. Thug sí traenáil mhaith dá cuid páistí óga na chéad blianta sin agus tá a rian orthu mar go bhfuil gnó maith a reáchtáil ag Mary Ann agus Bridget i rith na bliana anois.

Cé gur chaith Jimmy na blianta ar shiúl, bhí sé le feiceáil air nár chaill sé ceird na scéalaíochta a bhí aige ó dhúchas. D'inis sé scéal amháin an lá sin a d'fhág mise le fonn gáirí orm fada go leor ina dhiaidh sin agus seo mar a chuaigh sé:

Bhí deartháir do Jimmy a raibh Micí air agus bhí sé ar fostú i bhFánaid bliain amháin. Is dócha go mbeadh an feirmeoir seo greannmhar sa lá inniu ann mar go raibh gunna ag taobh na leapa aige san oíche, ach ar an drochuair, b'fhéidir nach mbeadh. Bhí obair chrua agus laethanta fada oibre le déanamh ag Micí agus gan barraíocht ama aige do féin. Mhúscaíl an feirmeoir é oíche dhorcha amháin i lár na hoíche agus thug é trasna na gcuibhreann chuig úllord (orchard) dhuine de na comharsan. Thóg an feirmeoir Micí in airde ar chrann leis na húlla a fháil. Lión siad cúpla sac de na húlla agus is ar éigean a bhí siad ábalta iad a iompar ar ais na bhaile. Ar fhilleadh dóibh, thug an feirmeoir cúpla úll do Mhicí agus d'iarr sé air imeacht leis a luí. Bhí a fhios ag Micí nach raibh an feirmeoir iontach ionraice más seo an seort siúil a bhí air agus choinnigh sé súil ghéar ar chaidé a bhí le theacht.

→

Chuaigh an feirmeoir siar chuig an chruach mhóna agus tharraing sé amach go leor móna aisti le poll a dhéanamh agus líon sé leis na saic úlla é agus chóirigh sé an chruach suas arís mar a bhí sí. Nuair a bhí achan seort socair agus an feirmeoir ina chodladh arís, amach le Micí agus fuair na saic agus thug sé iad siar go cúl an tí agus in airde ar chrann agus d'fholaigh sé iad ann. Chaith Micí cúpla úll leath ite ar an talamh agus thug sé cic maith don chruach sa dóigh nach bhfágfaí an milleán air.

Maidin lá arna mhárach, chuala Micí an ruaille buaille amuigh sa bhóitheach. Ar

shroicheadh an bhóithigh dó, chuala sé an feirmeoir ag mallachtaí ar an asal agus chonaic sé é ag tabhairt corr chic dó. Bhí an súiche sa phota ach bhí Micí sásta nach raibh an mhéar airsean. An tráthnóna sin, nuair a bhí achan rud socraithe síos agus lá eile oibre déanta ag Micí, suas leis ar an chrann agus d'ith sé cúpla úll. Bhí suaimhneas agus sólás aige thuas ansin cé go raibh an asal bocht ar a intinn aige. Ach choinnigh Micí ar shiúil ón asal go ceann fada ina dhiaidh sin ar eagla go dtabharfadh sé corr chic ar ais dó.

Fia Ann

* * *

LOGAINMNEACHA

CARRAIG AIRT

D'inis a athair do Dinis Dhonnchaidh Mhicheáil (Donnchadh Mac Giolla Bhríde) as Cluain tSaileach fan dóigh a fuair Carraig Airt a ainm agus seo mar a chuaigh an scéal:

Bhí teach ceann tuí i gCarraig Airt in am amháin, timpeall na háite ina bhfuil an bhialann ShangHai Palace anois, agus bhí fear ina chónaí ann darbh ainm Tommy Logue. Bhí Tommy ag obair leis an Chomhairle Contae in am amháin ag bleaisteáil agus mar a chuaigh an scéal, shéid rud éigin suas ina aghaidh agus chaill sé amharc na súl. Ar chúl an tí sin bhí carraig agus sa droch-am, thiocfadh fear darbh ainm Art go dtí an charraig sin agus pota mór bracháin leis le rann ar dhuine ar bith a raibh ocras air. Art an Bhracháin a tugadh air agus mar gheall ar seo tugadh Carraig Airt ar an cheantar.

Tá tagairt ghairid déanta fosta ag Seán Ó Sidheáil ón Ard Bán Uachtarach (John a' Spioraí as Baile an tSléibhe) sa bhailiúchán i Roinn an Bhéaloidis i mBaile Átha Cliath in Cnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ) 694: 439 fan fhear seo darbh ainm Art a rachadh go dtí an charraig sin agus gur tugadh Carraig Airt ar an bhaile ina dhiaidh.

CLUAIN TSAILEACH

D'inis Donnchadh dom scéal beag eile a fuair sé óna athair fá Chluain tSaileach:

Tugadh Baile na Creige ar an Bhaile Thoir i gCluain tSaileach in am amháin. Bhí ceithre theach ann, tigh Bhrinie Thuathail, tigh Dhonnchaidh Shéarlaí, faoi sin bhí tigh Dhonnchaidh Mhicheáil agus ag taobh tigh Dhonnchaidh Shéarlaí bhí bean ann i dteach ceann tuí darbh ainm Peigí Mhicí. Nuair

a d'fhág Peigí Baile na Creige le dhul go hAlbain, thug sí brainse de sceach gheal léi ó Gharrthadh na gCruach a bhí ag taobh an tí. Chonaic Donnchadh í nuair a tháinig sí ar ais ar cuairt le dhá iníon dá cuid agus d'fhan sí thiar tigh Phaidí Mhóir ar an Bhaile Thiar. Mac Giolla Bhríde an sloinneadh a bhí orthu uilig i mBaile na Creige. Ba ghnáth le muintir an Bhaile Thiar, an áit ina bhfuil an teach tábhairne an Sibín Cheoil anois, an Baile Thoir a thabhairt ar Bhaile na Creige agus thug muintir na Cloiche Báine an Baile Uachtarach orthu. Shínigh an baile níos faide soir le tamall anuas le tithe úra san áit ina raibh Andy Rua ina chónaí leis féin agus is dócha go bhféadfaí an Baile Lár a thabhairt ar Bhaile na Creige anois agus an Baile Thoir a thabhairt orthusan.

ÁTH AN DÁ CHORR (AGHADACHOR)

Bhí scéal beag eile ag Seán Ó Sidheáil ón Ard Bán Uachtarach sa bhailiúchán i Roinn an Bhéaloidis i mBaile Átha Cliath in CBÉ 694: 439-440 fan dóigh a fuair Áth an Dá Chorr a ainm:

Ba ghnách le daoine dul amach ar na hoitreacha chun corra (ghainimh) a fháil fá choinne baoití d'iascaireacht líontaí. Lá amháin chuaigh fear amach ar Oitir na gCorr fá choinne corr thuas idir an Bhearnaí Mhór agus Droichead an Leacaigh i gCuan na Long agus ar an bhealach ar ais dó cuireadh an cheist air an raibh mórán corr leis agus d'fhreagair sé, “Níl a dhath ach a' dá chorr”. Sin mar a tugadh Áth an Dá Chorr ar an bhaile fearann sin. Insíonn Seán fosta gur báitheadh scaifte a bhí amuigh oíche amháin ar Oitir na gCorr nuair nach bhfaca siad an líonadh ag teacht thart fá dtaobh dóibh.

AN GARRTHADH

D'inis Donnchadh dom fosta go raibh píosa farraige amach idir barr an Mhill Mhóir agus barr an Chorráin (Corrán Binne) agus bhí go leor haideogaí (cadóga) le fáil ann agus thug na hiascairí an Garrthadh air.

Fia Ann



Seo pictiúr de Bhaile na Creige sa lá inniu ann.

SEÁN Ó HEOCHAIDH AG CAINT FAOI CHEARRBHACHAS.



Baineann cearrbhachas le fear a imríos cártaí ach tá cearrbhachas de chineál eile ann fosta, d'fhéadfá a rá an té a chaitheas airgead ar chineál ar bith dóigh den tsórt gur cearrbhach atá ann, gambler go díreach. Deirtear gur san Áis a thosaigh na cártaí agus gur uaidh na giobóga (gypsies) a chur na hArabaigh eolas orthu. Tá na chéad chuntais stairiúla le fáil orthu san Iodáil ina dhiaidh sin agus sa Spáinn, sa Fhrainc agus sa Ghearmáin.

Deirtear gur datháíodh na chéad chártaí san Iodáil sa bhliain 1299 agus gur sa Fhrainc a cumadh na pictiúirí atá orthu san am i láthair i dtrátha na bliana 1450. De réir na gcuntas bhí eolas ag beagán duine i Sasana ar chártaí i lár na tríú aoise déag ach níl fhios againn go cinnte cén uair a tháinig siad go hÉirinn. Ach ar ndóigh bhí muintir na hÉireann i gcónaí siúlach ach ní amháin le cúrsaí cártaí agus rudaí eile, bhí siad ag tabhairt nósa agus béasaí agus achan rud eile leofa as na tíortha seo a raibh siad iontu agus a raibh siad ag teacht agus ag imeacht iontu. Rud eile, bhí siad drabhlásach fosta. Mheasfainn de bharr na dúile a bhí acu sa cearrbhachas nach mbeadh siad fuar ná falsa ag cur

aithne ar an chluiche úr seo.

Anois caithfidhse gur fhás i measc ár gcine caitheamh aimsire na gcártaí, tá sin le feiceáil go soiléir againn i seanscéalta agus i bhfilíocht. Is minic ab éigean do ghaiscíoch óg iníon Rí a bhaint ar na cártaí, is minic a chaill sé í fosta. De réir na seanscéalta d'imríodh siad, bhainfeadh siad agus chaillfeadh siad dúiche ar na cártaí. Is minic mé ag smaoineamh go mbfhéidir go raibh cártaí luaite i mbéaloideas na tíre seo i bhfad sula raibh mórán eolais orthu ar chor ar bith ag daoine. Ar ndóighe tá sé le feiceáil gur lean siad casán an bhéaloidea, go háirithe cuid na seanscéalta de. Tá dornán maith seanfhocal ag baint leis na cártaí fosta agus sílim gur sin rud nach bhfuil le fáil i dtaobh caitheamh aimsire ar bith eile.

Leabhar Urnaí an Diabhail.



Tá daoine go dtí an lá inniu a bheir leabhar urnaí an diabhail ar na cártaí. Bhí agus tá go fóill mórán nósa agus pisreoga a bhaineas leis na cártaí. Tá daoine ann, cur i gcás, nach rachadh amach thar an doras i ndiaidh na hoíche le paca cártaí gan iad a bheith báite, sé sin dhá leath déanta de pháca na gcártaí agus aghaidh a aon a hartais agus aghaidh sruth nó spáide a bheith buailte ar a chéile ar eagla go dtiocfadh an diabhal amach, an té a mbíonn na cártaí báite leis ina phóca cha dtig le spiorad ar bith baint de.

Ainmneacha na gcártaí.


Ní hionann na cártaí a n-imríonn sinne leo agus na cártaí a n-imríonn siad leofa

ar Mhór-Roinn na hEorpa cuir i gcás, tá pictiúirí galánta ar na cártaí sna tíortha sin. Ach sa tír seo againne tá caoga is a dó cárta agus tá an dá cheann déag agus daichead sin roinnte ina gceithre coda. Trí ceann déag de Hartais, trí ceann déag de Spéar nó Spádaí mar a deir siad anseo, trí ceann déag de Mhuilleata (diamonds) agus trí ceann déag de Thriuf (clubs), sin an dá cheann déag agus daichead. Sé an cluiche is coitianta san am i láthair fán taobh seo tíre as seo siar go Gleann Cholm Cille agus as sin go Ceannt Mhálanna ná cúig fichid. Ba ghnách leis na seandaoine rá go raibh an cúig déag agus fiche níos coitianta sa tseanam ná an cúig fichid agus chuir mé ceist orthu cén fáth ina dtuairim a raibh sin amhlaidh agus ‘sé an freagra a thug siad domh ná go raibh na pingeacha an-ghann san am a bhfuil mé trácht air agus ní raibh ann ach pingeacha agus leathphingeacha a bhíodhas a imirt san am sin, i rith oíche Gheimhridh cha raibh ann ach cúpla pingin. Agus bhí an t-airgead chomh gann gur mhaith leo fad a bhaint as na cúpla pingin a bhí acu agus gur sin an fáth a n-imríodh siad an cluiche fada cúig déag agus fiche.

Nuair a d’éirigh an t-airgead níos fairsinge agus rud beag níos mó ag achan duine ghiorraigh siad an cluiche go dtí cúig fichid. San am a bhfuil mé ag trácht air fiú ní raibh airgead ar bith le himirt ag cuid acu agus d’imríodh siad cnaipí agus tá sin i mbéal na ndaoine go fóill, gheobhaidh tú i mbéal na ndaoine agus sa chaint é. Duine ar bith atá ina an-droch chearrbhach deirtear fá dtaobh de nach n-imreodh sé cnaipí. Agus sin an fáth a n-imríodh siad cnaipí sa tseanam agus caithfidh mé rá gur iomaí gasúr a d’éirigh ar maidin agus

nuair a rug sé ar a bhrístí lena gcur air chaithfeadhse giota chorda nó giota dhorga a theannadh ar a chaolas i ndiaidh na cnaipí a imirt óna bhrístí an oíche roimhe sin. Ghearrtaí na cnaipí de na brístí agus ní amháin go ngearrfadh gasúraí a gcuid fhéin ach ghearrfadh siad cuid a ndeartháireacha dá bhfaigheadh siad lámh ar a gcuid brístí, ní raibh rud ar bith eile ag na créatúir le himirt.

Bhuel ansin tosaíodh a imirt mórán rudaí eile, ní amháin pingeacha agus scillingeacha ach fríd an tír anseo agus creidim go bhfuil sé coitianta ar fud na tíre go huile, gur ghnách le daoine éanlaith a imirt – cur i gcás géacha agus turcaithe, lachain agus cearca agus achan rud mar sin roimhe Nollaig. Bhuel ansin ma bhíonn rud ar bith eile ag dul, má tá traidhfil airgid le cruinniú do chúis ar bith imreoidh siad péire bróg nó geansaí nó rud ar bith mar sin le dornán airgid a dhéanamh.



An Diabhal agus na Cártaí.

Ba mhaith liom tagairt don bhaint ba léar le daoine a bheith idir an diabhal agus na cártaí. Tá an-mhórán scéalta fá chearrbhaigh a bhí ag teacht abhaile go mall san oíche. Ar thaobh an bhealaigh mhóir nó in áit scoite inteacht bhíodh an boc seo ina shuí agus tábla nó clár imeartha aige agus paca cártaí aige agus solas. D’iarrfadh sé ar an duine seo, an cearrbhach drabhlásach seo, suí síos agus cluiche cártaí a imirt leis, cé gur mhinic ins na scéalta nach mbíodh fonn mór orthu fán am sin oíche sin a

dhéanamh. Mheallfadh an boc seo iad agus bhéarfadh sé orthu suí síos agus thosódh an imirt ansin. Agus ba é an deireadh a bhíodh ar an imirt ná go mbainfeadh an diabhal agus ansin bhí an súiche sa bhrachán nuair a bhuaileadh an diabhal an té a mbíodh sé ag imirt leis. Bhí an t-anam díolta aige agus bhí cuid mhór rudaí le déanamh leis an anam a shaoradh agus leis fhéin a shaoradh.

Bhí cuid mhór rudaí eile ag baint leis na cártaí mar sin, pisreogaí agus a leithéidí, cur i gcás ag baint le hádh agus mí-ádh, na rudaí aisteacha ba ghnách le daoine a dhéanamh agus a ní daoine go fóill agus iad amuigh fán tír anseo agus iad ag imirt cluiche cúig fichid. Is gnách gur ochtar a bhíos sa scoil agus imríonn siad mar chomrádaithe, ceithre phéire. In amanna dá mbeadh droch-ádh ar fhear, is minic a chonaic mé é ag éirí agus ag breith ar an chathaoir a raibh sé ina shuí uirthi agus ag siúl thart uirthi in éadan na gréine thart timpeall na cathaoireach ag déanamh go n-athródh sin an t-ádh air. Agus mar a gcéanna athróidh comrádaí ó chathaoir go cathaoir, éireoidh comrádaí atá ar thaobh amháin de chlár na himeartha agus rachaidh sé go dtí an taobh eile áit a bhfuil a chomrádaí agus athróidh siad na suíocháin a bhfuil siad ina suí orthu.

Tá mórán rudaí eile amaideacha a mbíonn siad ag trácht air, tá tom bán an ghiorria, sin giota beag de ruball giorria. Gí go bhfuil mórán pisreog ag baint leis an ghiorria fhéin ba léar le daoine an té a mbíodh sin ar iompar acu ina bpóca, go mbeadh an t-ádh air. Go minic na cearrbhaigh sa tseanam nuair a bheadh siad ag dul fhad le hoíche chearrbhachais d'iomródh siad ceann acu sin ina bpóca



leis an t-ádh a chur orthu.

Bhí na cruicéid an-fhairsing sa tseanam, seo sular athraigh na tithe nuair

a bhí tine ar an teallach agus tréan fairsinge acu thart fá na tinteacha. Bhí siad ag preabadaigh thart fán tine, bhí go maidin go minic. Is iomaí duine acu nach bhfaca ceann ariamh acu, duine ar bith a tháinig ar an tsaol le cúig bliana is fiche, sin an tréimhse ama is mó a dtáinig athrú ar na tithe. Roimhe sin bhí cuid mhór tithe ceann tuí fríd a tír achan bhealach agus bhí na tinteacha ar an teallach. Bhí poill thall is abhus, aol a bhí ar na ballaí i gcuid mhór de na tithe seo agus bhí sé an-fhurasta poll a dhéanamh fríd an aol ach an uair a tháinig an stroighin ba deacair don chruicéad bhocht a dhul fríd níos mó agus amháin a chuaigh na soirn isteach ins na tithe úra, chuir sin an tóir ar na cruicéid, char mhothaigh mé cheann acu le deich mbliana anois.

Ádh agus Mí-ádh.

Tá an-ádh cártaí air a déarfai fá fhear a bheadh ag fáil cártaí maithe agus é ag imirt cluiche. Tá an t-ádh 'na rith air, 'sé sin is cuma cad é dhéanfas fear bíonn an t-ádh air. Deirtear cé go n-abráitear é fá níos mó ná fá chártaí, an té a mbíonn an t-ádh air beireann na ba agus na bológa aige, 'sé sin is cuma dó muna bhfuil lámh mhaith chártaí aige má tá an t-ádh air gheobhaidh sé cúig le seanrud nach bhfaigheadh duine ar bith eile ach é fhéin. Mar sin baintear feidhm as an abairt sin don té a mbíonn ádh air – beireann na ba agus na bológa aige.

Aisteoirí Mhíobhaigh sa Dráma “Cruthaíonn Bréag Bréaga”



CRUTHAÍONN BRÉAG BRÉAGA

Cuireadh an Dráma “Cruthaíonn Bréag Bréaga” ar an ardán don uair dheireanach i gColáiste Ros Goill ar an Déardaoin an 15ú Meitheamh. Bhí slua mór de mhuintir na háite agus dar ndóighe daoine ó cheantracha eile i láthair. Thaitin an dráma go mór leis an lucht féachana agus bhain achan duine sult as an oíche. Ba é seo an ceathrú bliain déag i ndiaidh a chéile a chuir Aisteoirí Mhíobhaigh dráma fada ar an ardán agus is mór an chúis bhróid é sin dóibh. Ba Chéim Aniar a chur Aisteoirí Mhíobhaigh ar bun sa bhliain 2003 agus chuaigh siad chuig an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta i 2004 don chéad uair leis an Dráma ‘Fear an Gheaftha’. Cháiligh siad don Fhéile Náisiúnta achan bhliain ó shin.

Is compántas siúlta é Aisteoirí Mhíobhaigh mar tá drámaí curtha i láthair acu i nGlaschú (Halla Langside 2007 agus 2008), i nDoire (Coláiste Mhic Aoidh 2011 agus Carn Tóchair 2014), i dTír Eoghain (An tSráth Bán 2011), i mBéal Feirste (An Chultúrlann 2004), i gContae na Mí (Rath Cairn 2004, 2009 agus 2010), i mBaile Átha Cliath (Halla na Múinteoirí 2009 agus 2010), i gCorcaigh (Cúil

Aodha 2014), i gCiarraí (Halla na Feothanaí 2004, 2005 agus 2010), i Luimneach (2008), i nGaillimh (An Cheathrú Rua 2005, 2006 agus 2007), An Spideál 2006, 2011, 2013, 2015, 2016 agus 2017), Baile Locha Riabhach 2009), i Maigh Eo (Caisleán an Bharraigh 2010), i dTír Chonaill (Fanaid, 2011, Rann Na Feirste 2010 agus 2012, Gaoth Dobhair 2004, 2008 agus 2017, An Ghrianán, Litir Ceanainn 2015 agus 2016, Gort an Choirce 2015), Oileán Thoraí 2004, 2016 agus 2017), agus sna Dúnaibh achan bhliain ó 2004 go 2017.

Chomh maith leis na drámaí fada, déanann Aisteoirí Mhíobhaigh drámaí gairide agus sceitsí do na hoícheanta Gaelacha a eagraíonn Céim Aniar i gceantar na nDúnaibh. Chuaigh siad go hOileán Thoraí cúpla uair le drámaí gairide chomh maith.

Bhí an dráma ‘Cruthaíonn Bréag Bréaga’ bunaithe ar an téama smuigleáil drugaí. Cé gur ábhar trom go leor atá sna drugaí sa lá atá inniu ann, is dráma dúghrinn é an dráma seo agus amharcann sé ar shaol an chúpla Anton agus Rachael Mac Laifearthaigh. Chaill Anton achan phingin dá raibh aige nuair a thit an tóin as an Tiogar Ceilteach agus anois tá a



theach i gcontúirt. Tá an banc ag iarraidh ochtó míle uaidh go práinneach agus níl a fhios ag Anton cad é atá sé dul a dhéanamh. Níl a bhean chéile Rachael sásta leis ar chor ar bith agus tá sí ag cur brú air dul ar ais chuig a chara Cathal leis an airgead seo a fháil. Bhí Cathal mar pháirtneir ag Anton ar feadh blianta i ngnó a chur Anton ar bun agus cheannaigh sé scair Anton uaidh. Cha dtug sé an luach ceart dó ar an scair sin, choinnigh sé ochtó míle siar mar bhí a fhios aige go mbeadh ar Anton theacht ar ais chuige fá choinne an airgid. ‘Sé smuigléirí drugaí atá i gCathal agus a chara, an Dochtúir Gearóid Ó Maoileáin, agus tá siad ag iarraidh duine inteacht (miúil) a fháil leis an chocaine a thabhairt isteach ó Amsterdam dófa.



Cruthaíonn na smuigléirí plean sa dóigh is go bhfaighidh siad fear, fear mar Anton a bhfuil an saol ina luí go trom air, le miúil a dhéanamh dóibh. Gheobhann Cathal an dochtúir Ó Maoileáin le cur ina luí ar Anton go bhfuil sé ag fáil bháis. Tá Anton bocht faoi bhrú i dtaca le na mhorgáiste de agus sa deireadh d’aontaigh sé le Cathal go ndéanfadh sé miúil drugaí dó. Tá sé ar intinn ag Cathal Anton a mharú nuair a bheas sé réidh leis ach faigheann Anton amach óna bhean chéile, Rachael, gur seo an plean atá ag Cathal agus téann sé i mbun oibre le díoltas a fháil do fhéin.

Tá 6 Radharc sa dráma agus tá sé suite áit éigin i dTír Chonaill sa lá atá inniu ann, den chuid is mó ach, tarlaíonn Radharc 5 in Amsterdam. Is dráma atá ann a léiríonn saint, éad, mithrócaire agus díoltas. Bhain an dráma seo trí ghradam ag an Fhéile Náisiúnta sa Spidéal i gContae na Gaillimhe ag deireadh mí Aibreán - Gradam Aisteoireachta do Shíle



Ní Fhrighil agus do Aodh Mac Laifeartaigh agus gradam Scríbhneoireachta do Phroinsias Ó Cuilinn. Cuireadh an dráma seo i láthair san Amharclann úr i nGaoth Dobhair ar an Aoine, 19ú Bealtaine agus i gColáiste Ros Goill ar an 15ú Meitheamh.

Níl sé furasta drámaí mar seo a chur ar an ardán agus tá an t-uafás oibre i gceist le sin a bhaint amach. Tosaíonn na cleachtaithe ag tús Mí Eanáir agus leanann siad ar aghaidh go dtí go bhfuil an léiriú deireanach déanta. Cé go bhfuil an Fhéile Náisiúnta i gcónaí ag deireadh Mí Aibreáin/tús Mí na Bealtaine leanann Aisteoirí Mhíobhaigh ar aghaidh ag cur feabhais ar an dráma go dtí go gcuireann siad an léiriú deireanach ar an ardán do mhuintir na nDúnaibh. Gan tiomantas céad faoin gcéad agus dílseacht iomlán na n-aisteoirí cha dtarlódh drámaíocht ar bith sa cheantar. Tá Céim Aniar iontach bródúil as an obair a níonn Aisteoirí Mhíobhaigh agus tá siad iontach buíoch do na haisteoirí uilig a ghlacann páirt sna drámaí agus fosta dóibh sin a chuidíonn cúl stáitse bliain i ndiaidh bliana.



Seo thíos liosta de na drámaí uilig a cuireadh ar an ardán ó 2004.

Fear an Gheaftha	2004
Paidreacha nach bhFreagraítear	2005
An Breithiúnas Deireanach	2006
Peacadh Cholmille	2007
An Teach Mór	2008
An Croí Fealltach	2009
Greim na Sainte	2010 & 2016
Fuil ar an Torc	2011
Taibhsí na nGael	2012
An Deoraí Dorcha	2013
Ar Thóir an Óir	2014
Cuairt an Uachtaráin	2015
Cruthaíonn Bréag Bréaga	2017

Seo na daoine uilig a bhí mar bhaill d'Aisteoirí Mhiobhaigh agus líon na nDrámaí a raibh siad iontu lena dtaobh.

Alan Pasoma	3	2012/13/14
Amanda Ní Shibleáin	1	2004
Ann Marie Uí Shibleáin	9	2004/06/07/09/10/ 11/13/15/16
Anton Mac Giolla Bhríde (Shuss)	3	2005/06/08
Aodh Mac Laifearthaigh (Fina)	13	2004 go 2011 & 2013 go 2017
Aodh Mac Laifearthaigh (Fada)	3	2004/07/08
Aoife Nic an Iomaire	2	2016/17
Brídín Mhic Uiginn	5	2010/11/13/14/15
Caoimhín Mac a Bháird	4	2007/10/12/16
Catherine A. Ní Dhochartaigh	1	2005
Cathaoirín Ní Shibleáin	1	2014
Darach Mac Gairbheith	1	2007
Darach Mac Laifearthaigh	6	2010/11/12/13/16/17
Eddie Mac Rodaí	1	2006
Eimhear Nic Íomhair	1	2004
Finghín Mac Laifearthaigh	1	2012
Fiona Pasoma	9	2004/05/06/08/09/ 11/12/13/14
Jason Mac Laifearthaigh	1	2017
Laura Pasoma	2	2014/16
Linda Ní Mhaonaigh	1	2004
Louis Ó Buaidhe	1	2004
Máire Uí Fhearaigh	1	2006
Máirtín Ó Cathasaigh	1	2004
Micheál Mac Aoidh (Ailt a Chaoráin)	1	2004

Micheál Ó Sibhleáin	1	2009
Micheál Pasoma	2	2013/14
Paidí Ó Cuilinn	2	2004/06
Paidí Mac Giolla Bhríde (Shuss)	1	2005
Proinsias Ó Cuilinn	14	2004 go 2017
Rachel Ní Mhaonaigh	1	2004
Rosemary Ní Oireachtaigh	1	2015
Ruairí Mac Conaglaigh	2	2012/14
Seán Mac Giolla Bhríde (Mhicí Rua)	14	2004 go 2017
Seán Mac Laifearthaigh (John Frank)	8	2006/07/10/12/13/ 15/16/17
Sean Ó Dochartaigh	13	2004/05/06 & 2008 go 2017
Seosaimhín Uí Bhuidhe	2	2008/09
Seosamh Ó Cuilinn	13	2005 go 17
Sharon Ní Chonghaile	1	2006
Síle Ní Fhrighil	1	2017
Stiofán Ó Dochartaigh	1	2004
Stiofán Ó Sibhleáin	11	2004/05/06/08/09/ 10/11/13/14/16/17
Tommy Clyde	3	2004/05/08
Tony Pasoma	1	2015

Foireann Stáitse

Micheál Ó hOireachtaigh	5	2004/05/06/07/08
Paidí Mac Giolla Bhríde (Shuss)	3	2004/05/09
Micheál Ó Dochartaigh	1	2004
Micheál Mac Aodh (Ailt a Chaoráin)	2	2004/05
Micheál Ó Gallchóir (Jos)	1	2005
Aodh Mac Laifearthaigh	1	2009
Seosaimhín Uí Bhuidhe	1	2007
Bríd Byrne	4	2006/07/08/09
Máire Uí Chléide	6	2004/05/06/07/08/
Cath Buntain	2	2007/08
Máire Boden	1	2008
Maura Mhic Laifearthaigh	4	2004/05/06/07

Bainisteoir Stáitse

Anna Nic Lochlainn	3	2015/16/17
--------------------	---	------------

Soilse

Anton Mac Giolla Bhríde	11	2007 go 2017
-------------------------	----	--------------

Campa Samhraidh Bhord na nÓg CLG na nDúnaíbh



Campa Samhraidh Bhord na nÓg CLG na nDúnaíbh



GIRSEACHAÍ FAOI 14

Bhí bliain stairiúil ag Foireann Girseachaí Faoi 14 nuair a bhain siad Craobh an Chontae 'A' don chéad uair riamh i mí an Mheithimh i mbliana. Ghlac siad páirt in Roinn a hAon Faoi 14 agus d'imir siad cluichí in éadan Na gCealla Beaga, Aodh Ruadh (Béal Átha Seanaigh), An Tearmainn, Naomh Adhamhnáin, Ard a'Rátha, Naomh Conaill (Na Gleanntaí) agus Naomh Naille. Bhain girseachaí Na nDúnaibh na cluichí seo uilig agus chríochnaigh siad sa chéad áit Roinn a hAon. D'imir said in éadan an Tearmainn sa chluiche leathcheannais sna Dúnaibh agus bhain siad an chluiche sin le toradh breá láidir.

D'imir siad cluiche ceannais an chontae in éadan Aodh Ruadh (Béal Átha Seanaigh) i bPáirc Sheán Mac Cumhaill, Bealach Féich ar an Sathairn, 17ú Meitheamh. Lá breá, grianmhar a bhí ann agus is iad girseachaí Aodh Ruadh a fuair an chéad dá phointe. Ach d'fhreagair girseachaí na nDúnaibh le cúl galánta agus 'siad girseachaí na nDúnaibh a bhí chun tosaigh ag leath ama. Sa dara leath fuair girseachaí na nDúnaibh cúpla cúl iontach agus d'obair siad go crua go dtí an deireadh. B'é an scór ag deireadh ná: Na Dúnaibh 4-09 Aodh Ruadh 0-16.

Seo ócáid iontach mhór do pharóiste beag tuaithe agus rinne na girseachaí seo obair mhór i rith na bliana chun an teideal seo a bhaint amach. Tá muid iontach broidiúil asaibh a ghirseachaí - maith sibh!

